CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2022/105 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 19 Eanáir 2022

maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1435 (EUTM RCA/1/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh (CBES) 2016/610, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, na cinntí ábhartha a bhaineann le rialú polaitiúil agus treoshuíomh straitéiseach EUTM RCA a dhéanamh, lena n-áirítear na cinntí maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ina dhiaidh sin.

(2) An 26 Lúnasa 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/1435 ([2]) lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Jacques LANGLADE DE MONTGROS mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA.

(3) An 27 Deireadh Fómhair 2021, mhol údaráis Mhíleata na Beilge an Briogáidire-Ghinearál Jacky CABO a cheapadh i gcomharbacht ar an mBriogáidire-Ghinearál Jacques LANGLADE DE MONTGROS mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA amhail ón 4 Feabhra 2022.

(4) An 23 Samhain 2021, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh go bhformheasfadh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an togra sin.

(5) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Jacky CABO a cheapadh. Thairis sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/1435 a aisghairm.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí cosanta acu,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Jacky CABO mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) amhail ón 4 Feabhra 2022.

([1]) IO L 104, 20.4.2016, lch. 21.

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/1435 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 26 Lúnasa 2021 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/1250 (EUTM RCA/1/2021) (IO L 312, 3.9.2021, lch. 1).

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1435 leis seo amhail ón 4 Feabhra 2022.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach